www.xtrapapers.com

Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2016

# Stair

Aonad 2: An Cogadh Fuar 1945–1991
Bonnsraith

GHT21

**[GHT21]**
**DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **dhá** cheist.
Freagair Roinn A **uilig** agus ceist **amháin** ó Roinn B.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 55 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i Roinn A Ceist **1(c)** agus **1(d) agus** i Roinn B.
Measúnófar litriú, poncaíocht agus úsáid chruinn gramadaí i Roinn B.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Leabhrán Áiseanna a bhaineann le Ceist 1 leis an pháipéar seo.
Má tá siad de dhíth, tá cead agat tuilleadh leathán a iarraidh le do fhreagraí a chríochnú.
Ceangail na leatháin seo, le do thoil, den leabhrán leis an scorán chuige sin.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1a | |
| 1b | |
| 1c | |
| 1d | |
| **LPaG** | **Marcanna** |
| 2 | |
| 3 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

www.xtrapapers.com

**Le haghaidh Cheist 1 déan tagairt don ábhar foinse sa Leabhrán Áiseanna.**

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## Roinn A

Freagair an roinn seo **uilig**.

**1** Smacht cumannach ar Oirthear na hEorpa ó 1945 is ábhar don cheist seo.

**(a) Déan staidéar ar Fhoinse A.**

Luaigh **dhá** mhodh ó **Fhoinse A** leis an dóigh a mhíniú a ndearna SAM (*USA*) iarracht tacaíocht don chumannachas in Oirthear na hEorpa a lagú.

1. ______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

______________________________ [4]

**(b) Déan staidéar ar Fhoinse B.**

Luaigh **trí** fháth ó **Fhoinse B** le tuairimí Brezhnev ar thíortha Oirthear na hEorpa in 1968 a mhíniú.

1. ______________________________

______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

______________________________

3. ______________________________

______________________________

______________________________ [6]

www.xtrapapers.com

**(c) Déan staidéar ar Fhoinse D**

Cé chomh **húsáideach** agus atá **Foinse D** maidir leis na fáthanna a mhíniú le titim smacht cumannach ar Oirthear na hEorpa?

[10]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d) Déan staidéar ar Fhoinsí A, B, C** agus **D.**

**Foinsí A, B, C** agus **D**, agus **do chuid eolais féin**, in úsáid agat, mínigh cad chuige a bhfuil tuairimí difriúla ann maidir leis na fáthanna le titim smacht cumannach ar Oirthear na hEorpa.

[15]

www.xtrapapers.com

# Roinn B

Freagair ceist **amháin** acu seo a leanas.

Sa **dá** cheist tá suas le **5 mharc breise** ar fáil as litriú, poncaíocht agus gramadach a úsáid go cruinn.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**2** Mínigh na fáthanna a ndearna SAM (*USA*) iarracht leathadh an chumannachais taobh amuigh den Eoraip a stopadh idir 1950 agus 1965.

Bain úsáid as na **trí** cheannteideal ailt seo a leanas le cuidiú leat le do fhreagra:

- an Chóiré, 1950

- Vítneam, 1954–1965

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

- Cúba, 1959–1962

[15]
agus [LPaG 5]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Mínigh na modhanna a d'úsáid APSS (*USSR*) le smacht a choinneáil ar Oirthear na hEorpa idir 1948 agus 1968.

Bain úsáid as na **trí** cheannteideal ailt seo a leanas le cuidiú leat le do fhreagra:

- Imshuí Bheirlín, 1948–1949 agus Balla Bheirlín, 1961

- an Ungáir, 1956

www.xtrapapers.com

- an tSeicslóvaic, 1968

[15]
agus [LPaG 5]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

www.xtrapapers.com

Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2016

# Stair

Aonad 2: An Cogadh Fuar 1945–1991
Bonnsraith agus Ardsraith


**[GHT21] [GHT22]**
**DÉ MÁIRT 14 MEITHEAMH, IARNÓIN**

# LEABHRÁN ÁISEANNA

www.xtrapapers.com

# Ábhair Foinse: Smacht cumannach ar Oirthear na hEorpa ó 1945

**Foinse A: Léaráid ó théacsleabhar staire. Taispeánann sí roinnt modhanna a d'úsáid SAM (*USA*) le tacaíocht don chumannachas in Oirthear na hEorpa ó 1945 ar aghaidh a lagú.**




© The Cold War and After, 2nd Edition by J.F. Aylett and Neil Demarco. Published by Hodder Education. (ISBN: 9780340814796). "Reproduced by permission of Hodder Education".

**Foinse B: Míníonn staraí Meiriceánach, ag scríobh in 1997, tuairimí Brezhnev ar thíortha Oirthear na hEorpa sa bhliain 1968**

I ndiaidh do APSS (*USSR*) na leasuithe sa tSeicslóvaic a threascairt i mí Lúnasa 1968, rinne Brezhnev óráid inar mhaígh sé go raibh caidreamh le tíortha Oirthear na hEorpa iontach tábhachtach do APSS (*USSR*). Dúirt sé fosta go raibh foréigean riachtanach le smacht a choinneáil ar an chrios mhaolánach. Tugadh Dúnghaois Brezhnev ar an óráid sin aige ina dhiaidh sin. Bhí sé soiléir san óráid gurbh í cosaint APSS (*USSR*) ról thíortha Oirthear na hEorpa. Bhagair Brezhnev dá ndéanfadh rialtas i dtír chumannach ar bith aon iarracht leasuithe caipitleachais a dhéanamh go gcuirfeadh tíortha cumannacha eile in Oirthear na hEorpa trúpaí isteach lena stopadh. B'fhuath le cuid mhór daoine in Oirthear na hEorpa an smacht seo.

© Superpower Rivalry: Relations between the United States and the Soviet Union, 1945-1991 by Laura Kwasniewska. Published by Colourpoint Books (1997). ISBN: 9781898392354

www.xtrapapers.com

**Foinse C: Cuireann staraí nua-aimseartha, ag scríobh in 2001, síos ar thuairimí Gorbachev agus APSS (*USSR*) ar thíortha Oirthear na hEorpa sa bhliain 1985**

Nuair a tháinig Gorbachev i gcumhacht i mí Mhárta 1985, bhí a fhios aige gurbh éigean do APSS (*USSR*) bealaí úra a fháil le bheith ag plé le hOirthear na hEorpa. Ba mhaith le Gorbachev caidreamh a chothabháil leis na tíortha seo ach chinn sé, san am a bheadh le teacht, go gcaithfí le muintir Oirthear na hEorpa mar chomhpháirtithe de APSS (*USSR*). Thréig sé Dúnghaois Brezhnev 1968. Ní chuirfeadh APSS (*USSR*) tancanna nó trúpaí isteach ach oiread le rialtóirí nár thacaigh an pobal leo a chosaint nó le hagóidí a threascairt. Chreid Gorbachev gur chóir do gach tír a cuid fadhbanna féin a réiteach, ach bhí dóchas aige go bhfanfadh siad cumannach.

© The Cold War and After by J.F Aylett. Published by Hodder and Stoughton (1996). ISBN: 9780340658581

**Foinse D: Tráchtann urlabhraí Rialtas SAM (*USA*), ag labhairt in 1985, ar pholasaí APSS (*USSR*) in Oirthear na hEorpa**

Creideann muid gur dócha í titim an chumannachais in Oirthear na hEorpa. Bhí cur i gcoinne i gcónaí ann maidir le rialtais chumannacha Oirthear na hEorpa agus le smacht APSS (*USSR*). Tá Gorbachev díreach i ndiaidh a fhógairt nach mbainfidh sé úsáid as trúpaí APSS (*USSR*) le gluaiseachtaí leasaithe a stopadh i dtíortha Oirthear na hEorpa. An aithníonn sé cad é atá déanta aige? Níl ann ach imeacht aimsire sula ndéanfaidh muintir Oirthear na hEorpa na rialtais chumannacha acu a chur as cumhacht.

© International Relations 1914-1995 by Tony Rea and John Wright. Published by Oxford University Press (1997) ISBN: 9780199171675

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.